# Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann

## Na hEalaíona Maisiúla agus Stair

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Decorative Arts & History



Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann

*Na hEalaíona Maisiúla agus Stair*



Treoirleabhar Ard-Mhúsaem na hÉireann
– Na hEalaíona Maisiúla agus Stair
© Ard-Mhúsaem na hÉireann, Baile Átha Cliath, 2007
ISBN: 978-0-901777-65-2

Téacs: Mairead Dunlevy, Michael Kenny agus Sandra McElroy

Grianghrafadóireacht: Valerie Dowling, seachas leathanaigh 28, 32, 33, 35, 36, agus 37: Barry Mason Photography; leathanaigh 9 & 12: Le caoinchead ó Leabharlann Náisiúnta na hÉireann.

Gach ceart forchoimeádta. Ní féidir aon chuid den fhoilseachán seo a chóipeáil, a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála eolais, a chraoladh ná a tharchur in aon fhoirm ná in aon bhealach leictreonach, meicniúil, trí fhotachóipeáil nó taifeadadh ná ar bhealach ar bith eile gan cead a fháil roimh ré i scríbhinn ó na foilsitheoirí.

# Clár

Réamhrá 5

Stair an tSuímh 6

Na Taispeántais 14

An Bloc Thiar:
'Rogha an Choimeádaí' 15
'Ón Stór' 19
Tús Ard-Mhúsaem na hÉireann 20
'Airgead agus Boinn' 28
Eileen Gray, 1878-1976 30
'Mar a Chaitheamar É' 33

An Bloc Theas: 36


'Airgead na hÉireann' 37
'Troscán Seanré na hÉireann' 39
'Troscán Tuaithe na hÉireann' 42

An Bloc Thoir:
'Cad atá sa Stór?' 44

Taispeántais Shealadacha 47

Taispeántais atá le Teacht 48

Tá plean urláir ar chúl an treoirleabhair seo.



Radharc de bhloc thiar Chearnóg Uí Chléirigh, ag taispeáint an bhealaigh isteach sna taispeántais. De réir traidisiúin, tógadh an pasáiste agus an fhuinneog sa bhealach áirseach ionas go bhféadfadh an Bhanríon Victoria fanacht laistigh agus í ag léirbhreithniú a cuid trúpaí.



# Réamhrá

I mí na Nollag 1988, thóg an Rialtas cinneadh Dún Uí Choileáin a dhúnadh mar shuiteáil mhíleata agus ag eascairt as comhchomhairle le roinnt coistí a cruthaíodh chun na críche sin, socráiodh ar phleananna i Meán Fómhair 1993 chun an suíomh a fhorbairt mar ionad breise d'Ard-Mhúsaem na hÉireann. Chinntigh an cinneadh tábhachtach seo gur athchóiríodh an bheairic is luaithe a tógadh chun na críche sin sna hoileáin seo ina mhúsaem. Thug sé deis chun bailiúcháin an mhúsaeim a bhí i stóras ó 1922 a chur ar taispeáint. Ba sa bhliain sin a ghlac an rialtas seilbh ar áiléir thaispeántais an mhúsaeim agus ar oifigí coimeádaithe i dTeach Laighean.

Ba í Cearnóg Uí Chléirigh an chéad suíomh a d'athchóirigh Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuireadh trealamh láimhseála aeir sna billéid sna bloic thiar agus theas, blocáladh roinnt mhaith fuinneog agus tinteán agus rinneadh áiléir thaispeántais de sheomraí beairice. Roghnaíodh móramh na ndéantán a ullmhaíodh le taispeáint ó bhailiúcháin an Rannáin Ealaíne agus Tionsclaíochta. An 18 Meán Fómhair 1997, d'oscail an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán, Síle De Valera T.D., na Taispeántais Tionscnaimh.

I láthair na huaire tá an músaem ag obair de réir chlár tógála pleanáilte d'úsáid an choda eile den suíomh de 18 acra. Tá an tseanbheairic, ina raibh billéid, stáblaí, scoil mharcaíochta, tailte druileála agus raonta lámhaigh á tiontú go báúil faoi láthair ina n-áiléir mhúsaeim do thaispeántais, bailiúcháin chúltaca, saotharlanna caomhantais, leabharlanna agus oifigí faoi láthair. Is í an chearnóg láir a bheidh ina phríomhbhealach isteach chuig an músaem. Scriosadh na foirgnimh a bhain leis an gcearnóg seo sa bhliain 1890. Sa chearnóg gheofar áiseanna do chuairteoirí, bialann agus áiléir thaispeántais. Ainmníodh an bheairic agus an chearnóg láir in onóir Mhichíl Uí Choileáin, an chéad Ardcheannasaí ar Shaorstát Éireann, a maraíodh i mBéal na Bláth ceithre mhí sular géilleadh an bheairic d'Arm an tSaorstáit. Ba é an Ginearál Risteard Ó Maolchatha a ghlac leis an tabhairt ar láimh agus ar an bpointe boise d'ainmnigh sé an suíomh i gcuimhne ar Ó Coileáin.

# Stair an tSuímh

Ba í Beairic Bhaile Átha Cliath 1704–10 an chéad bheairic bhuan sna hoileáin seo a tógadh chun lóistín a chuir ar fáil do shaighdiúirí. Níor cheadaigh an parlaimint foirgneamh dá leithéid i Sasana go dtí gur ndearna baol ó Napolean foirgintí dá leithéid riachtanach sna 1790idí.

Cé gur chuir Conradh Luimnigh sa bhliain 1691 le cumhacht Liam III in Éirinn, bhí an oiread sin d'easpa muiníne air gur ordaigh sé go dtógfaí líonraí de bheairicí ar fud na tíre. Ba í an bheairic ba thábhachtaí sa líonra seo ná an bheairic i mBaile Átha Cliath, a ceapadh chun ardchathair na n-uaisle a chosaint.

Ba é Thomas Burgh, fear as Luimneach, a thóg an bheairic. Fuair sé a chuid oiliúna le ceann de na hinnealtóirí míleata ab fhearr lena linn, an t-Ollanach, Baron van Coehorn. Lean plean a bheairice an plean a forbraíodh i bhFlóndras agus sa Spáinn. San fhealsúnacht sin, ní hamháin gur chuir beairic lóistín ar fáil do shlua mór saighdiúirí ach toisc go raibh na saighdiúirí ina gcónaí le chéile, bheadh smacht ar na buíonta agus d'fhorbrófaí dílseacht iontu. Ón mbliain 1701, mar iarracht ar an dílseacht sin a chinntiú, d'fhógair an pharlaimint go mbeadh ar gach ball den airm (fiú gnáthbhaill) a bheith ina Phrotastúnach.

Chuaigh an chéad reisimint chun cónaithe i mBeairic Bhaile Átha Cliath i mí Aibreán 1707, nuair a bhí an dara cearnóg, An Chearnóg Bheag, á tógáil. Críochnaíodh í timpeall ar 1710 agus bhí an bheairic le bheith oiriúnach do 1500 coisí agus marcach. Faoi mbliain 1732, áfach, bhí 2,500 saighdiúir ann, toisc go raibh faitíos ann san am go ndéanfadh lucht tacaíochta na Stiobartach ionsaí i rith éirí amach na Seacaibíteach 1715. Toisc go raibh méadú ar agóidíocht pholaitiúil i lár an 18ú haois bhí suas le 4,000 fear ann faoi 1753. Ar an mbealach seo mhéadaigh líon na saighdiúirí i mbeairic Bhaile Átha Cliath sa chéad leath den 18ú haois cé go raibh neart na dtrúpaí luaineach sa ghearrthéarma, ag brath ar leibhéal na míshocrachta polaitiúla.



Samhail ailtireachta den chéad chéim eile forbartha atá beartaithe don ollionad, ina mbeidh limistéar fáiltithe agus taispeántais ar an láthair ar a mbíodh an Chearnóg Ríoga nó an Chearnóg Mhór bunaidh.

*Samhail arna déanamh ag Oifig na nOibreacha Poiblí*

I rith an 18ú haois bhí réimse leathan dualgas ar na saighdiúirí ó bheith ag cosaint Chaisleán Bhaile Átha Cliath go dualgas sibhialta ar shráideanna na cathrach sna blianta sular bunaíodh fórsa póilíní. Ba í beairic Bhaile Átha Cliath an príomhionad chun fir a bhailiú le chéile sula ndeachaidís i mbun seirbhíse i gcogaí san iasacht. Toisc gur bhraith cogaíocht ar thrúpaí a bhí oilte agus faoi smacht, bhí obair an lae dírithe i dtreo an disciplín sin a chothú. Bhí an saol laethúil dian, dhuisítí na fir le Reveille 'a luaithe is a bhí an spéir geal'. Chuiridís tús le gnáthobair an lae ó tuairim is 5 r.n agus ba í fuaim na ndrumaí a d'fhógair go bhféadfaí tús a chuir leis an gcéad réimse eile de dhualgais. Faoi 9 r.n. bheadh druil fada déanta acu siúd a bheadh ag faire amach don lá le cinntiú go 'máirseálfaidís go foirfe' agus iad os comhair an phobail.

Saol crua a bhí i saol na beairice, agus tá an chuma ar an scéal go mbíodh suas le seisear i ngach seomra beairice. Bhíodh bord agus dhá fhoirm adhmaid sa seomra agus coinnleoir iarainn amháin ag soláthar solais. Bhí tinteán amháin ann, áit ar chócaráil na fir a mbia féin. Chodlaíodh beirt shaighdiúir i ngach leaba. Bhíodh go leor éadaí leapan acu agus tocht tuí a athraíodh ceithre huaire sa bhliain.

Íocadh na saighdiúirí gach 30 lá, ach bhaintí airgead óna dturastal go haontolach. Bhíodh asbhaintí ann do sheirbhísí an mháistir marcaíochta agus chun tacú leis an máinlia agus do níochán na n-éadaí leapa agus do sholáthar bia don chapall. D'íoc saighdiúirí as a smearadh bróg féin agus as a n-airm a dheisiú. Rinne roinnt díobh gearáin faoi na haisbhaintí, ag rá go raibh an méid a bhí fágtha acu féin chomh suarach sin nach bhféadfadh siad ach an bia ba shaoire a cheannach – arán déanta de bhran, cáis, bláthach agus 'drochfheoil'.

Nuair a dhéanadh na gnáthshaighdiúirí gearán faoi na hasbhaintí sin d'fhuipeáladh na drumadóirí láidre iad. Anuas air sin, thaispeáin fograí sna nuachtán gur tugadh drochíde do shaighdiúirí a rinne iarracht an t-arm a thréigeadh – san aon chulaith éadaigh a bhí acu, a n-éide, ní hamháin toisc go ndearna siad iarracht an t-arm a thréigeadh ach toisc go ndearna siad iarracht maoin na corónach a ghoid.

I gcontrárthacht leis sin bhí saol an oifigigh níos éasca toisc go raibh seomraí breátha móra acu le radhairc álainn. Ní bhíodh boladh na cócaireachta le fáil ina seomraí a bhí feistithe cosúil le seomraí a bpiaraí sa saol sibhialta toisc go n-íosfaidís a mbéilí sna tithe tabhairne áitiúla.


This Indenture
Scotland, France, and Ireland Queen
noble James Duke Marquess, and Earle of
Butler of Ireland, Lord of the Regalities and
Dublin Steward of the City of Westminster Lo
Wales high Steward of Exeter Governour of
most noble order of the Garter, and Lord Lieu
their Majesties fforces and one of her Maj


Dintiúr dátaithe 6 Márta 1704 a aistríonn úinéireacht Ghairdíní an Pháláis chuig na hiontaobhaithe le haghaidh tógáil na beairice in Éirinn.

Faoin mbliain 1753 bhí an-tóir ar lóistín chomh géar sin gur aistríodh an clós féir go Cnoc an Arbhair, go suíomh a bhí gar do mhóinéir Ghráinseach Ghormáin. Tógadh lóistín do na trúpaí ansin san áit ina raibh an seanchlós féir taobh thiar de Chearnóg na gCapall. Tharla an chéad leathnú mór eile sa bhliain 1767, nuair a thóg an t-ailtire Christopher Myers bloc leathan thoir i gCearnóg Phalaitín. D'fhonn lóistín breise a chuir ar fáil leathnaigh sé na trí bhloc eile agus chuir urlár amháin eile leo. Cuireadh feabhas ar chuma na cearnóige le nithe ailtireachta cosúil le huachtbhallaí cloiche agus peidiméidí arda lárnacha. Toisc caighdeán oibre Myer, aistríodh ceannáras na beairice go Cearnóg Phalaitín ón gCearnóg Mhór Lárnach.

Ba thréimhsí polaitiúla deacra iad na 1780idí agus na 1790idí, le díospóireachtaí i bParlaimint na hÉireann a chruthaigh scoilteanna, géarchéim na Leasríochta, titim an Bastille agus briseadh amach neamhshocracht talmhaíochta agus éirí amach in Éirinn, san Eoraip agus i Meiriceá. Dá bhrí sin méadaíodh arís ar líon na bhfear i mBeairic Bhaile Átha Cliath agus tuairim is 1793 tógadh cearnóg nua chun freastal ar naoi dtrúpa each breise.

Nochtann freagairt na saighdiúirí i rith éirí amach 1798 agus ina dhiaidh sin an dearcadh a bhí acu i leith dualgais. I rith samhradh na bliana 1798 bhí ar an seanphropast nó príosún míleata a tógadh chun an corrshaighdiúir a thréig an t-arm a choinneáil ann lán, le suas le 100 agus 150 reibililúnach ar coinneáil ann. Chodail cuid acu i gceallaí taise, ach chodail an chuid is mó acu i bpubaill i gclós an phríosúin a raibh balla ard timpeall air agus spás de 80 faoi 40 troigh. Dúradh gur fuipeáladh agus

Radharc den bheairic, a tógadh ó 'A Map of the city and suburbs of Dublin', le Charles Brooking, 1728.



gur céasadh fir anseo, tar éis armchúirte sa Chearnóg Bheag, chrochtaí iad ar Chnoc Arbhair lasmuigh de bhallaí na beairice nó ar dhroichid na cathrach. De réir an traidisiúin d'fhéadfadh gur caitheadh an-chuid eile a maraíodh i gCo. Bhaile Átha Cliath agus i gCo. na Mí isteach in aon olluaigh amháin sa talamh idir an bheairic agus an Life, ar suíomh ar a dtugtar 'Acra na gCrapaithe' anois. Cé nár nocht tástáil seandalaíochta a rinneadh le déanaí go raibh aon olluaigh ann, measann daoine fós gur suíomh cuimhneacháin é.

Sna 1790idí, thosaigh na húdaráis ag tabhairt níos mó airde ar dhálaí maireachtála na saighdiúirí. Fógraíodh go raibh gach fear i dteideal 'bollóg aráin dea-bhacáilte déanta de phlúr chruithneachta' gach ceithre lá ar chostas cúig pingne. Fostaíodh bean níocháin do gach buíon nó do gach fiche fear. Tógadh tithe níocháin dóibh ó thuaidh ar an suíomh chun a gcuid oibre a dhéanamh iontu, agus ceapadh limistéar in aice láimhe chun éadaí a thriomú. Sa bhliain 1802, ceannaíodh talamh in aice le clós féarach ar Chnoc Arbhair chun príosún propaist nua agus ospidéal míleata a thógáil. Tá an dá fhoirgneamh sin laistigh de bhallaí ospidéal Naomh Bricín anois.

I mblianta tosaigh an 19ú haois bhíothas ag díriú ar an suíomh a fhorbairt go míleata le ceithre armlann nua chun lón lámhaigh a stóráil, chomh maith le stáblaí breise agus siopa an díoltóra armlóin. Léiríodh an treocht seo chomh maith sa dóigh ar tógadh na bealaí isteach chuig an mbeairic i stíl dhaingnithe. Tógadh tithe gardála ar Shráid na Beairice (Sráid na Binne Boirbe inniu), ceann acu le cillíní ann do shaighdiúirí coirpe, agus (i spiorad an fheabhais a bhí i bhfeidhm sna 1830idí agus sna 1840idí) leabharlann sa teach eile. Athrú ollmhór eile ab ea é nuair a mhol Robert Peel, Príomh-Rúnaí na hÉireann, go ndéanfaí ailíniú ar abhainn na Life agus go gcuirfí ballaí timpeall na habhann sa chaoi is go gcruthófaí asplanád os comhair na beairice. Baineadh amach an fadú seo go luath sna 1840idí agus níorbh fhada go ndearnadh láthair druileála de. Ba san áit sin sa bhliain 1847 a thóg Alex Soyer an chéad teach súip in aimsir an Ghórta Mhóir.


Faoin mbliain 1850, tugadh isteach tithe cócaireachta agus bialanna nua, ina n-ullmhaítí mairteoil bheirithe nó anraith mairteola agus caife dhá uair sa lá do na saighdiúirí. De bharr seo bhí feabhas ar ghlaineacht na mbilléad toisc gur laghdaíodh an méid bia a bhíodh á ullmhú ann. Spreag spiorad nua seo na folláine deiseanna áineasa agus tógadh cúirteanna peile agus pinniúir.



Prionta de 'A Prospect of the Barracks of Dublin from St. James's Church Yard', Baile Átha Cliath 1765-1775. Ba é James Tudor a rinne an greanadh bunaidh don phrionta seo, c. 1750. Ba mhinic a thugtaí radharc den bheairic mar bhronntanas d'oifigigh a bhí ag fágáil.

Nuair a tháinig deireadh leis an gCogadh Chriméach (1853 - 56), rinne leasaitheoirí agóid chun glaineacht sna beairicí uile ar an hoileáin seo a fheabhsú. Rinneadh cáineadh faoi leith ar an mBeairic Ríoga a ainmníodh timpeall an ama sin i dTuarascáil Pharlaiminteach 1861. Luadh ann gur chodail na trúpaí díreach ós cionn stáblaí a gcapall agus nach raibh aon leithreas sna seomraí gardála nua a tógadh in ainneoin go mbíodh na fir ar diúité ann ar feadh ceithre huair is fiche ag an am. Cáineadh róphlódú na beairice chomh maith, bhí 1917 fear, 87 bean, agus 109 leanbh ina gcónaí i 183 seomra beairice le fíorbheagán príobháide, ní bhíodh níos mó ná scáileán crochta ar chorda eatarthu go minic. I ngeall ar an gcáineadh seo, rinneadh iarrachtaí láithreach chun feabhas a chuir ar an aeráil agus ar an solas sna seomraí beairice trí fhuinneoga breise a chur isteach.

Ba fhadhb í an tíofóideach nó fiabhras eintreach sa Bheairic Ríoga ó na 1860idí anonn ar a laghad. Ba fhadhb í don chathair i féin, ní hamháin sna tionóntáin ach i gCaisleán Bhaile Átha Cliath féin agus i Lóiste Fhear Ionaid an Rí. Mhol na húdaráis agus iad ag déanamh scrúdaithe ar an mbeairic sa bhliain 1886-87 go gcuirfí leithreas isteach i ngach áit agus go ndéanfaí aeráil bhreise sna suanliosanna. Chuathas i ngleic leis seo ach dé réir mar a cailleadh níos mó oifigeach sa bhliain 1888, lorgaíodh réiteach níos drámatúla.



An 1ú Cathlán, 62ú Reisimint (Wiltshire) ag a bParáid Lá Ferozeshah sa Bheairic Ríoga, Baile Átha Cliath, i 1921. (Chomóir an pharáid bhliantúil seo Cath Ferozeshah, a troideadh ar an 21ú agus an 22ú Nollaig 1845, le linn an Chéad Chogadh Saíceach i dTuaisceart na hIndia. Ba é an Gael, Sior Hugh Gough, a bhí mar ardcheannasaí ar an reisimint le linn an chogaidh seo.)

Moladh ansin go leagfaí an chuid is mó de na seanfhoirgnimh, agus an scoil mharcaíochta san áireamh. Ba é an plean a bhí ann ná go bhfanfadh coisithe sa Bheairic Ríoga agus go rachadh marcshlua go beairic a bhí á tógáil i nGráinseach Ghormáin (Dún Mhic Aodha inniu).

De réir an traidisiúin chaith Fear Ionaid an Rí seal ina chónaí sa bheairic, nuair a maraíodh an Príomh-Rúnaí An Tiarna Frederick Cavendish agus an Fo-Rúnaí Thomas Burke i bPáirc an Fhionnuisce an 6 Bealtaine 1882.

Cé gur cuireadh tús le scriosadh na bhfoirgneamh ar an suíomh sa bhliain 1889, tá an chuma air nach raibh an Oifig Chogaidh ar an eolas faoi seo go dtí an bhliain ina dhiaidh sin. Baineadh amach an Chearnóg Láir, cúinní Chearnóg Phalatín agus cuid mhaith den limistéar ó thuaidh den suíomh. Bhí sí d'aidhm ag an gclár atógála go mbeadh an suíomh ináitrithe arís. Ach bhí fadhb airgid ag baint leis, bhí sé de nós ag an Maor Hart, an t-innealtóir cónaitheach, cloch ghearrtha a úsáid chun teacht leis an seanfhoirgneamh. Theastaigh ón Oifig Chogaidh ábhar tógála níos saoire a úsáid – brící dearga. Ag eascairt as sin aistríodh an Maor Hart go gnó eile agus tógadh na struchtúir nua lena n-áirítear tithe druileála agus lámhaigh de na brící dearga sin.

Níos lú na fiche bliain tar éis na n-athruithe móra ailtireachta seo ghlac an bheairic páirt mhór i gcúrsaí míleata nuair a coinníodh sluaite móra de shaighdiúirí ann chun seirbhís a thabhairt i rith an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Maraíodh nó gortaíodh an t-uafás agus iad ag troid sa chogadh.





Baint na seomraí níocháin agus na bhfualán oíche, a tógadh c. 1891, agus athchóiriú bhalla an Bhloic Thuaidh de réir an dearaidh bhunaidh. I ndiaidh aistriú na beairice chuig an Ard-Mhúsaem, chuir Oifig na nOibreacha Poiblí, in éineacht leis na hailtirí Gilroy McMahon, tús leis an tasc Cearnóg Uí Chléirigh a athchóiriú de réir mar a bhí sé san 18ú haois.

I rith Éirí Amach 1916, nuair a ghlac baill d'Óglaigh an hÉireann agus baill d'Airm Cathartha na hÉireann seilbh ar Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath, tháinig an chéad fhreagra míleata ó shaighdiúirí a bhí ar lóistín sa Bheairic Ríoga. Dé réir mar a chuaigh an tseachtain ar aghaidh, tugadh trúpaí isteach ó aiteanna eile in Éirinn agus ansin tugadh na sluaite isteach ó Shasana, agus sar i bhfad bhí na reibiliúnach sa mhionlach. Nuair a bhí ar na reibiliúnaithe géilleadh i ngeall ar thoscaí éagsúla lena n-áirítear an úsáid a baineadh as airtléire le caitheamh ar fhoirgnimh na cathrach, agus na tinte móra, ba iad saighdiúirí na 2nd Sherwood Foresters a chuaigh mar ghárdaí ar cheannairí ceannairí an éirí amach chuig cúirt mhíleata i bpríosún Chill Mhaighneann agus ón áit sin arís. Bhí na 2nd Sherwood Foresters lonnaithe ag an am sin sa Bheairic Ríoga. Nuair a lámhachadh ceathrar déag de cheannairí na reibiliúnach i gclós na mbristeoirí cloch i gCill Mhaighneann, gníomh a chuir le clampar an phobail, ba iad na Sherwood Foresters céanna a bhí i bhfeighil aistriú na gcorp chuig reilig an gharastúin i gCnoc Arbhair.

An 17 Nollaig 1922, ghéill an Ginearál Sir Neville Macready an bheairic agus ghlac sé le cúirtéis a chuid trúpaí, an 2nd Battalion Wiltshire Regiment agus iad ag máirseáil síos na gcéanna. Ansin mháirseáil Airm Shaorstáit Éireann isteach chuig an mBeairic Ríoga agus ghlac an tArdcheannasaí, an Ginearál Risteard Ó Maolchatha in éineacht leis an gCeann Foirne, an Ginearál Mac Mathúna, an chéad athbhreithniú. Ainmníodh an bheairic ansin in onóir céad Céad Ardcheannasaí Shaorstát Éireann, an Ginearál Micheál Ó Coileáin, a maraíodh i mBéal na Bláth, Co. Chorcaí an 22 Lúnasa bliain roimhe sin.

# Na Taispeántais

Tosaíonn na taispeántais i nDún Uí Choileáin sa láthair fáiltithe. Fadó ba í seo Bialann na nGnáthshaighdúirí, agus mar sin is anseo a thugann an músaem cúirtéis do stair mhíleata an láithreáin le pleananna agus le pictiúir den láthair ó na 1640idí. Toisc go bhfuil an músaem feasach faoin ról a ghlac an bheairic seo i stair na hÉireann agus faoi ról na saighdiúirí a thug seirbhís go hidirnáisiúnta, d'ullmhaigh an músaem taispeántas mór míleata a thugann ómós don stair sin. Osclaíodh é i mBloc Thuaidh Chearnóg Uí Chléirigh sa bhliain 2006.

Tá na háiléir taispeántais sna Bloic Thiar agus Theas roinnte go ginearálta idir dhá chineál cur chuige fealsúnach. Roghnaigh na coimeádaithe an t-ábhar don trí áiléar mhóra sa Bhloc Theas ar bhonn téamúil. Ar an gcéad urlár tá taispeántas mór d'airgead na hÉireann agus ar an dara hurlár tá troscán seanré na hÉireann le feiceáil mar aon le gléasanna a bhain leis an eolaíocht. Tá troscán traidisiúnta na hÉireann agus ceardaíocht adhmaid le feiceáil ar an tríú hurlár. Is í an aidhm a bhaineann leis na háiléir ar an mBloc Thiar ná léargas a thabhairt do chuairteoirí ar na bailiúcháin náisiúnta agus ar ár stair chultúrtha agus ar scéal an mhúsaeim trí ábhar a roghnú agus a chur ar taispeáint ó dhisciplíní agus ó thréimhsí éagsúla. Le deireanas úsáideadh Bloc Thoir Chearnóg Uí Chléirigh chun an mhír 'Cad atá sa stór?' a choinneáil, is áis nua-aimseartha stórála é a ligeann do chuairteoirí bailiúcháin thábhachtacha de dhéantáin a fheiceáil nach mbeadh ar fáil don phobal gan é.



Naomh Molaise, snoíodóireacht darach ó Oileán Inis Mhuirígh, Co. Shligigh. Sheas an fíor, a bhaineann leis an13ú haois dhéanach nó an 14ú haois luath, i Séipéal Naomh Molaise ar an oileán go dtí 1948.

## An Bloc Thiar:

**'Rogha an Choimeádaí'**

Toisc go gcreidtear go n-insíonn gach déantán a scéal féin, nó cúpla scéal, agus go dtugann siad cuntas ar an stair ar an gcaoi seo, iarradh ar na coimeádaithe déantán a raibh suim acu féin ann a roghnú don taispeántas. Léiríonn cuid de na fiche cúig ábhar a roghnaíodh clochmhílte tábhachtacha sa stair pholaitiúil agus mhíleata, léiríonn cuid eile slite beatha agus pisreoga ár sinsear.

Cuireann dealbh darach snoite de Naomh Molaise ón 13ú aois nó an luath 14ú haois fáilte romhat isteach san áiléar. Ba chóir go mbeadh lámh amháin ardaithe ag an Naomh seo ón 6ú haois a bhunaigh mainistir ar Inis Muirígh, Co. Shligigh chun beannacht a thabhairt. Insíonn an stair gur bhain fir Chromail an dá lámh den dealbh. Tugadh ómós don dealbh seo i séipéal ar an oileán ar feadh na gcéadta bliain, bhí sé ina fhócas lárnach d'oilithreacht bhliantúil ann. Aistríodh é chuig Ard-Mhúsaem na hÉireann chun é a choinneáil slán nuair a d'fhág na daoine deireanacha an t-oileán sa bhliain 1948.

In aice láimhe tá cófra a thugann léargas difriúil ar Chromail. Ba é seo an bronntanas pósta a thug Oilibhéar Cromail dá iníon Bridget nuair a phós sí Charles Fleetwood, saighdiúir a bhfuil cuimhne air de bharr an bhealaigh neamhthrócairigh ina d'aistrigh sé Éireannaigh díshealbhaithe ón mbliain 1653 go 1654. Nuair a bhíonn an cófra dúnta léiríonn sé simplíocht Phiúratánach a aoise siúd. Nuair a bhíonn an cófra ar oscailt léiríonn sé meas ar mhaoin agus ar fhoghlaim, deirtear go léiríonn na pictiúir earótacha radhairc ó Mheiteamorfóis Ovid.

Caibinéad Fleetwood, a thug Oilibhéar Cromaill mar bhronntanas bainise dá iníon Bridget, nuair a phós sí a dara fear céile, an Ginearál Charles Fleetwood, sa bhliain 1652. An bhliain chéanna, rinneadh Ardcheannasaí in Éirinn de Fleetwood.



Babhla posóide a bhronn an Rí Uilliam III ar John Dillon ó Lios an Mhuilinn, Co. na Mí, i 1690. Comhartha buíochais a bhí sa bhronntanas as aíocht an Diolúnaigh i ndiaidh Chath na Bóinne. (Deoch de bhainne te a ghruthaítí trí alcól a chur leis a bhí sa phosóid.)



Pearsa cáiliúil eile a léirítear ar an ábhar cuimhneacháin seo is ea Rí Shasana, Liam III. Thug sé roinnt nithe pearsanta, lena n-áirítear deacantar greanta, do John Dillon ó Lios an Mhuilinn, Co. na Mí, mar chomhartha buíochais as an bhfáilte a cuireadh roimhe tar éis chogadh na Bóinne. Léiríonn an bronntanas breá seo an caighdeán a bhí á bhaint amach go gairid tar éis do ghloine luaidhe teacht ar an saol. Léiríonn sé chomh maith go raibh na ceannairí míleata ag súil le sócúlacht an bhaile fiú agus iad i mbun feachtais mhíleata.

Thug a chomhthírigh ómós don pholaiteoir náisiúnach William Smith O'Brien, a cuireadh chuig an Tasmáin toisc an pháirt a ghlac sé in Éirí Amach 1848, nuair a tugadh pardún dó sé bliana níos déanaí. Coimisiúnaíodh cupán bronnta déanta d'ór 24 ct ó William Hackett, gabha óir ó Bhaile Átha Cliath a bhí ina chónaí san am sin i Melbourne. Tá an cupán maisithe le siombailí Éireannacha agus Astrálacha, agus léiríonn an cheannchríoch Hibernia ag iompar caipín na saoirse ag corónú Smith O'Brien le fleasc labhrais. Toisc gur thuig sé an íobairt a rinne a chomhthírigh agus siombalachas an chupáin, bhronn Smith O'Brien é ar Acadamh Ríoga na hÉireann chun go gcaomhnófaí é don mhuintir a thiocfadh ina dhiaidh.



Corn óir a bhronn a chomhthírigh san Astráil ar cheannaire na nÉireannach Óg, William Smith O'Brien, mar chomóradh ar a phardún oifigiúil agus a fhilleadh ar a bhaile i 1854.



Cloch altóra ó Chnoc an Línsigh, Co. na Mí, den 18ú haois. Snoite air tá siombailí de chéasadh Chríost ar nós an chasúir, na tairní agus an gha.

I gcontrárthacht leis sin tá an cloch taobh leis greanta le siombailí de Pháis Chríost. Leis na céadta bliain agus i gcomhthéacs idirnáisiúnta, rinne idir bhocht agus shaibhir dianmhachnamh ar na siombailí seo. De réir an traidisiúin fuarthas an chloch seo a snoíodh go háitiúil i seomra beag a bhí dúnta suas i gCnoc an Línsigh, Co. na Mí. Tá an dáta 1740 air agus ceaptar gur cloch altóra é a úsáideadh i rith thréimhse na bpéindlíthe, nuair a bhíodh an t-Aifreann á rá i dtithe dá leithéid agus ag carraigeacha Aifrinn.

Is contrárthacht eile í Vása Fonthill a bhfuil tábhacht ollmhór idirnáisiúnta ag gabháil leis. Is vása de phoirceallán na Ceileadóine é a rinneadh tuairim is 1300 AD. Nuair a tugadh an vása chuig an Eoraip go luath ina dhiaidh sin, caitheadh leis amhail is gur chloch scothlómhar a bhí inti agus sin é an fáth go raibh gléas airgeadaithe ar an vása. Toisc nach raibh sé de chumas ag Eorpaigh poirceallán a dhéanamh go dtí ceithre chéad bliain ina dhiaidh sin, caitheadh go cúramach le hábhar dá leithéid. Tá an vása seo ar cheann de na



Vása Fonthill, a rinneadh idir 1300 agus 1340 agus a bhfuil cáil dhomhanda air mar cheann de na míreanna de phoirceallán luath na Síne is fearr doiciméadú.

píosaí poircealláin Sínigh is mó dá taifeadadh riamh. Taifeadeadh é trí na céadta bliain i mbailiúcháin Louis Mór ón Ungáir, Séarlas III ó Durazzo, Dauphin na Fraince agus William Beckford ó Mhainistir Fonthill. Níor aithníodh an vása toisc gur baineadh an gléasadh de sa 19ú haois agus cheannaigh an músaem an vása ag ceant sa bhliain 1882 ar tuairim is £28.

**'Ón Stór'**

Tá sí d'aidhm ag an áiléar dhá stór, eispéiris ar 'chúl an tí' de stóras an mhúsaeim a chruthú agus ar an gcaoi sin léargas a thabhairt ar éagsúlacht bhailiúcháin an mhúsaeim agus ar na deacrachtaí lóistíochúla a bhaineann le stóras. Athraíonn an soilsiú go mall chun gluaiseacht a chur in iúl sa spás mór seo agus chun an cuairteoir a spreagadh chun dul ó thaispeántas amháin go ceann eile. Roghnaíodh na cúig chéad píosa chun beartais bhailiúcháin an mhúsaeim seo thar na blianta a léiriú.

## Bunús Ard-Mhúsaem na hÉireann

Léirítear stair an mhúsaeim féin agus na músaem a tháinig roimhe ar phainéil ghrafacha san áiléar 'Ón Stór' agus ar an siúlán os cionn limistéir fáiltithe an mhúsaeim. Is féidir an feachtas chun músaem poiblí a bhunú i mBaile Átha Cliath a rianú siar go dtí an bhliain 1835 nó mar sin. Ag an am sin d'iarr Institiúidí Nua na Meicneoirí i gCorcaigh, i mBéal Feirste agus i mBaile Átha Cliath go ndéanfaí soláthar do mhúsaem ionas go bhféadfadh a gcuid scoláirí patrúin nó ábhar a tharraingt ar bhealach cosúil lena gcomhscoláirí i Londain agus in Antuairp. Bhí tuilleadh brú leis an éileamh sin nuair a osclaíodh scoileanna dearaidh i Luimneach (1842), i gCorcaigh agus i mBaile Átha Cliath (1849). Músaem poiblí a bhí uathu, cosúil le Músaem na Breataine, ina bhféadfadh scoláirí déantúsaíochta staidéar a dhéanamh ar 'vásaí, teilgin, déantáin chré-umha agus saothair den ailtireacht mhaisiúil'. San am céanna chuir an pobal in iúl don rialtas nach mbíodh na músaeim phríobháideacha a fuair tacaíocht uathu i mBaile Átha Cliath ar oscailt don phobal, do scoláirí ná do mheicneoirí go minic. Ag eascairt as sin, bhunaigh an Dublin Science and Art Museum Act (1877) músaem nua poiblí a thiomsódh a bhailiúchán féin agus a d'ionchorpródh bailiúcháin na n-institiúidí níos luaithe cosúil le Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Tugadh cúiteamh airgid dóibh as a gcuid maoine agus as a gcuid bailiúchán agus rinneadh oifigigh den mhúsaem de príomhbhaill foirne.



Samplaí de na mianraí fluairít agus pirít, ó bhailiúchán Nathanael Leske, a fuair Cumann Bhaile Átha Cliath i 1792. Gersdorf, Sacsain na Gearmáine.

## Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath

Bunaíodh é ar dtús mar Chumann Bhaile Átha Cliath (1731) chun riar, déantúsóirí agus ealaíona úsáideacha eile a spreagadh, ba chuige sin a bailíodh innealra nua-aimseartha talmhaíochta agus tionsclaíochta ar dtús. Bhailigh a Scoileanna Maise agus Líníocht Ailtireachta a bunaíodh ó 1756 ar aghaidh, samplaí de sheandálaíocht chlasaiceach agus teilgin phlástair, a d'úsáidtí i ranganna faoi na hábhair seo. Go mall san 18ú haois cheannaigh an cumann le maoiniú ón rialtas, bailiúchán iontaisí agus mhianraí Leske . Bailiúchán é seo a raibh tábhacht idirnásiúnta ag gabháil leis. Thóg siad ar an núicléas seo trí gheolaí a fhostú a bhailigh mianraí áitiúla, agus aistríodh iad ar fad chuig Músaem na Staire Nádúrtha de chuid an Chumainn nuair a osclaíodh é sa bhliain 1857. Thairis sin bhailigh an cumann ábhair a mbeadh suim ag a mbaill ann, ó 'giota de pheannaireacht álainn a rinne duine gan lámha' go hábhair a bhain leis an seandálaíocht chlasaiceach agus armlón ón India. Ón mbliain 1833, d'aistrigh Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath a bhailiúchán chuig Músaem nua Bhaile Átha Cliath de réir a chéile. I measc na gcéad déantáin a aistríodh bhí vása Gréagach atá ar taispeáint san áiléar 'Ón Stór'. Ba é George La Touche a bhronn é ar an gCumann sa bhliain 1825. Tá dhá thaispeántán ó bhailiúchán Leske ar taispeáint chomh maith.



Krater (vása), de chineál fíor dearg, a rinneadh sa Ghréig le linn na cúigiú haoise R.Ch. Fágadh le huacht é le Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath ag George La Touche sa bhliain 1825.

**Acadamh Ríoga na hÉireann**

Bunaíodh an tAcadamh sa bhliain 1785 chun an ghlaneolaíocht, an stair, ársaíochtaí agus an litríocht a chur chun cinn. Dhírigh an tAcadamh ar ársaíochtaí Éireannacha a bhailiú, agus tá mórchuid díobh siúd ar taispeáint anois in áitreabh Shráid Chill Dara de chuid Ard-Mhúsaem na hÉireann. Ach, ag teacht lena aidhm stair na hÉireann a dhoiciméadú, fuair an tAcadamh míreanna eile mar bhuidéil fíona an Déin Swift, a dhátaíonn ó 1727, a d'fhéadfadh a bheith i measc na chéad bhuidéil ghloine a rinneadh i mBaile Átha Cliath. Ar taispeáint anseo chomh maith tá más airgid ón 17ú haois ó Bhardas Nás na Ríogh, Co. Chill Dara, a bronnadh ar an Acadamh ag sliochtach de chuid Thomas Burgh.






Buidéal a rinneadh ar son Jonathan Swift, i mBaile Átha Cliath is dócha, 1727 (an bhliain inar fhoilsigh sé an dara eagrán de Gulliver's Travels). Ag an tráth sin bhí sé ag moladh go láidir go gceannófaí earraí a rinneadh in Éirinn.

Más bhaile Nás na Ríogh, c.1650. Arna bhronnadh ar Acadamh Ríoga na hÉireann i 1861 ag sliochtach de Thomas Burgh, ailtire na beairice.

**Músaem Thionscal na hÉireann**

Cé gur bunaíodh i 1845 é mar Mhúsaem na Geolaíochta Eacnamúla, ba ghearr gur athraigh céad stiúrthóir an mhúsaeim sin, Sir Robert Kane, aidhm an mhúsaeim le Músaem Thionscal na hÉireann agus Scoil Eolaíochta an Rialtais a dhéanamh de. Chreid lucht an mhúsaeim go raibh gá le hoideachas tionsclaíoch, ionas go bhféadfaí acmhainní nádúrtha na hÉireann a chur chun leas na tíre, agus caighdeán maireachtála na ndaoine a fheabhsú, agus chuige sin eagraíodh clár léachtaí chomh maith le taispeántais. Chuir daoine i gcoinne an chur chuige shoilsithe seo; cuireadh deireadh leis an mhúsaem sa bhliain 1865 dá bharr, agus aistríodh na bailiúcháin chuig Cumann Ríoga Bhaile Átha Cliath. Ar taispeáint anseo ó bhailiúchán an mhúsaeim sin tá busta poircealláin Phairiaigh de William Dargan, an conraitheoir iarnróid a chistigh Taispeántas Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath sa bhliain 1853. Rinneadh é i Worcester nuair ba le beirt as Baile Átha Cliath, W.H. Kerr agus R.W. Binns, an photaireacht úd, agus nuair a tástáladh créanna ceirmeacha na hÉireann ag súil go bhféadfaí potaireachtaí déantúsaíochta a bhunú in Éirinn.



Busta de William Dargan, a mhaoinigh Taispeántas Tionsclaíoch Bhaile Átha Cliath 1853. Rinneadh é i bpoirceallán pairianach ag Worcester.

**Músaem na hEolaíochta agus na hEalaíne, Baile Átha Cliath**
Sa bhliain 1877, rith an rialtas Acht Parlaiminte chun músaem nua a bhunú i mBaile Átha Cliath, ag súil 'go mbainfeadh muintir na hÉireann lánbhuntáiste as an deis feabhas a chur ar shaothrú na n-ealaíon tionsclaíoch agus maisiúil'. Le comhairle ó mhúsaem South Kensington i Londain, thosaigh oifigigh ag ceannach míreanna láithreach ó bhailiúcháin phríobháideacha idirnáisiúnta iomráiteacha. Roghnaíodh míreanna comhaimseartha díreach ó Tiffany agus William de Morgan, mar shampla, chomh maith le déantóirí níos gaire do bhaile, Vodrey, Pugh agus Béal Leice. Bailíodh saothair chomh maith chun doiciméadú a dhéanamh ar 'chliabháin shibhialtachtaí an domhain' – an Mheánmhuir chlasaiceach, an India agus an tSín. Dhírigh an institiúid nua chomh maith ar mhíreanna a léirigh forbairt thionsclaíoch agus eacnamúil in Éirinn, go háirithe ón 17ú aois ar aghaidh. Mar thoradh ar a bheartas fuinniúil ceannaigh, tháinig méadú mór ar na bailiúcháin. Go deimhin, nuair a d'oscail an t-áitreabh nua i Sráid Chill Dara sa bhliain 1890 b'éigean roinnt bailiúchán a fhágáil ar taispeáint i dTeach Laighean ceal spáis.





Lampa mosca a rinneadh ag Cairo na hÉigipte, i réimeas an tSabhdáin al-Malik al-Nasir, 1310-1341, agus véarsa cruanta air ón Qur'an in éineacht le hainm an tsabhdáin.



Vása carbáin, gloine chásaithe, arna dhéanamh ag Eugène Rousseau in 1880. Ceann de roinnt míreanna a cheannaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann ó stiúideo an ealaíontóra ab ea é seo.

Babhla agus seastán a rinneadh i Loch Garman, c. 1820. Ba é seo an chéad mhír de ghloine ársa na hÉireann a fuair an Músaem Eolaíochta agus Ealaíne.

Samplaí den chineál ábhair a fuarthas ag an am agus atá ar taispeáint san áiléar 'Ón Stór' is ea vásaí gloine a ceannaíodh go díreach ó stiúideo Eugène Rousseau sa bhliain 1880. Le comhairle ó Mhúsaem na Breataine cheannaigh an músaem lampa mosc, ba éacht iontach é seo sa 14ú haois i dtéarmaí chaighdeán na táirgeachta gloine, óraithe agus cruanta. Ceannaíodh é in éineacht le tíleanna ón Tuirc agus ón Damaisc ó eastát bailitheora clúitigh, an Maor W.J. Myers. Tá babhla le dhá chluas agus seastán ar taispeáint chomh maith, ba é seo an chéad phíosa de ghloine Éireannach ón 19ú haois a cheannaigh an músaem. Rinneadh é i bPort Láirge tuairim is 1820 agus ba é an dearadh le colúin agus le muileata a spreag an patrún móréilimh sin 'Hibernia' a táirgeadh i monarcha ghloine Phort Láirge sa bhliain 1947.



Mítéar a dhear Georgina Smith, an tSiúr Bonaventure, agus a rinneadh ag rang bróidnéireacht ealaíne i gClochar Siúracha Bochta Naomh Clár, Neidín, Co. Chiarraí. Arna choimisiúnú ag Músaem Eolaíochta agus Ealaíne Bhaile Átha Cliath agus arna chur ar taispeáint ag Taispeántas Chorcaí i 1902.

## Músaem Náisiúnta Eolaíochta agus Ealaíne

Ag eascairt as achtú an Achta um Theagasc Talmhaíochta agus Teicniúlachta (Éire) sa bhliain 1899, d'aistrigh freagracht an mhúsaeim chuig an roinn rialtais den ainm céanna i mBaile Átha Cliath. Ag eascairt as sin, cé gur lean na coimeádaithe ar aghaidh ag bailiú míreanna den ealaín mhaisiúil ab fhearr agus na cinn sin a léirigh barr feabhais ó thaobh dearadh tionsclaíoch de, thug siad tacaíocht chomh maith d'Oifigigh na Roinne chun míreanna a fháil a spreagfadh pobail tuaithe chun earraí ar ardchaighdeán a tháirgeadh a d'fhéadfaí a dhíol. Chun na críche sin, choimisiúnaigh an músaem píosaí éagsúla chomh maith. Cuireadh an dá shaghas déantáin ar taispeáint in ionaid ar fud na tíre. Cuireadh áiléar amháin i leataobh do thaispeántais shealadacha de shaothair a rinne ealaíontóirí agus déantúsóirí beo, idir Éireannaigh, Sasanaigh lucht na Mór-Roinne agus Meiriceánaigh chun dearadh tionsclaíodh a spreagadh. Ar taispeáint tá dhá phíosa a choimisiúnaigh an músaem ag an am. Is mítéar bróidnithe é ceann amháin a dearadh agus a rinneadh i gClochar Siúracha Bochta Naomh Clár sa Néidín sa bhliain 1901. Is triptich cruanta é an ceann eile a rinne Alexander Fisher ina bhfeictear Naomh Pádraig ag baisteadh beirt iníonacha leis an Rí Laoghaire fad a bhí siad i bPálás Cruachain faoi theagasc an bheirt draoithe, Mal agus Colpait.



Triptic cruanta arna choimisiúnú ag Músaem Eolaíochta agus Ealaíne Bhaile Átha Cliath ó Alexander Fisher, Londain, 1903. Comhairleoir don mhúsaem, ó am go chéile, ab ea Fisher, ar léiritheoir tréitheach d'ealaín na cruanta é.





Ciseán arna dhéanamh as sliosanna daire ag Nicholas Hilliard, Baile an Ghleanna, Co. Chill Mhantáin, c. 1950.

## Ard-Mhúsaem na hÉireann

Tharla athruithe ollmhóra polaitiúla in Éirinn sa tréimhse 1914 - 24. Thacaigh roinnt d' fhoireann an mhúsaeim leo siúd a throid sa Chéad Chogadh Domhanda agus thacaigh daoine eile cosúil leis an Stiúrthóir, an Cunta G.N. Plunkett agus an Coimeádaí Liam S. Ó Gógáin le hÉirí Amach 1916, agus cuireadh sa phríosún iad ina dhiaidh sin. I mí an Mheithimh 1922, dhún an rialtas sealadach an músaem, toisc go raibh sé ag teastáil mar lóistín don rialtas. Osclaíodh an músaem arís de réir a chéile ón mbliain 1925 ar aghaidh, faoin teideal nua Ard-Mhúseam na hÉireann. Ba í an roinn nua a bhí freagrach as an músaem ná an Roinn Oideachais. Choimisiúnaigh an roinn sin coiste iniúchta chun feidhmeanna an mhúsaeim a mheas, agus sa bhliain 1927, moladh go mbeadh sé mar ról ag an músaem 'eolas a mhéadú agus a scaipeadh faoi shibhialtacht na hÉireann agus gaolmhaireachtaí na hÉireann i ndáil leis sin agus le tíortha eile'.

Tá Séala Mór Shaorstát Éireann, a dhátaíonn go thart ar 1925, ar taispeáint chun an tréimhse seo a chur in iúl. Ba é Archibald McGoogan an chéad ghrianghrafadóir sa mhúsaem a bhí níos déanaí ina choimeádaí ar na huirlisí ceoil agus na huiscedhathanna. Ar taispeáint chomh maith tá ciseáin d'uibheacha, don mhargadh, d'im agus do phrátaí – gnáthrudaí a bhain le saol na hÉireann a rinneadh as ábhar a bhí ar fáil go háitiúil.



Séala Shaorstát Éireann, arna dhearadh ag an ealaíontóir Archibald McGoogan, a bhí ar an gcéad ghrianghrafadóir a d'fhostaigh an tArd-Mhúsaem chomh maith.

**'Airgead – agus Boinn'**

Léiríonn stair airgead na hÉireann na dálaí polaitiúla a bhí ag síorathrú sa tír agus mar a bhí ag éirí le geilleagar na tíre. Ar an láimh eile, táirgeadh boinn in Éireann ar roinnt mhaith cúiseanna – cúiseanna polaitiúla, eacnamaíocha, reiligiúnda agus oideachasúla.

Cuirtear tús leis an taispeántas le sracfhéachaint ar na siombailí a bhíodh in úsáid ar mhona na hÉireann agus conas is féidir le taisce mona stair mona a léiriú. Tá na boinn airgid a bhí in úsáid in Éirinn tuairim is 900 AD ar taispeáint in éineacht le heolas faoin na miontaí agus na meáchain. Mínítear an tús le mona na hÉireann ó thart ar an mbliain 1460, an cleachtas a bhí ann boinn airgid a eisiúint le luach an-íseal chun stop a chuir le sreabhaí airgid ag dul ó Éire go Sasana, agus na cineálacha cur chuige ar glacadh leo chun freastal ar an ngá leanúnach a bhí le 'sóinseáil'. Tá mona éigeándála a táirgeadh in amanna ina raibh brú polaitiúil nó eacnamaíoch ann sa 17ú haois chomh maith le leathphingin Wood ón 18ú haois le feiceáil chomh maith.

Léirítear an scéal polaitiúil ag tosú le Cogadh an Bóinne, le boinn a chomórann imeachtaí faoi leith. Léiríonn an chuid deiridh den taispeántas forbairt na mbonn in Éirinn sa 19ú haois, a úsáideadh ansin chun aitheantas a thabhairt d'fhiúntas nó chun fiúntas a chothú i réimsí éagsúla.



Toistiún (ceithre phingine), airgead, Anraí VIII agus Jane Seymour, 1536-1537. Ba le linn réimeas Anraí a baineadh úsáid den chéad uair as an gcláirseach mar shiombail d'Éirinn. Eisíodh an chéad 'monaíocht chláirsí' idir 1534 agus 1540 agus bhí céadlitreacha Anraí agus banríon an trátha sin uirthi



Comhartha pingine, cupar, James Hilles, Léim an Bhradáin agus Baile Átha Cliath, 1813. I ngeall ar ghanntanas mionairgid le linn Chogaí Napoléon, bhí mórchuid trádálaithe agus déantúsóirí a d'eisigh a gcomharthaí féin, pinginí agus leathphinginí de ghnáth.





Leathchoróin airgead gunna, cupar, Séamas II, 1689. Monaíocht éigeandála ab ea í seo a rinneadh as bairéil ghunnaí móra agus dramh-mhiotal leáite, agus a d'úsáid Séamas II chun a thrúpaí a íoc agus an cogadh in éadan Uilliam III a mhaoiniú. Chuir na Uilliamaítigh bhuacacha deireadh leis mar mhonaíocht sa bhliain 1691.

Baineann cuid ollmhór le comórtas 1926 a raibh mona neamhspleách na hÉireann de thoradh air. Leanann an scéal ar aghaidh le deachúlú sa bhliain 1971 agus ar aghaidh go dtí teacht isteach an euro sa bhliain 2002.



Fréamhshamhail de chathaoir 'neamhaontaigh' le Eileen Gray, 1926-1929. Cruthaíodh an chathaoir le haghaidh E1027, an teach a dhear Gray in Roquebrune, ach bhí sé ceaptha le haghaidh olltáirgthe chomh maith.

**Eileen Gray, 1878 - 1976'**

I mí na Bealtaine 2000, d'éirigh le hArd-Mhúsaem na hÉireann bailiúchán suntasach de shaothar Eileen Gray a cheannach, le tacaíocht mhór ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gaeltachta agus Oileán. Nuair a osclaíodh an taispeántas 'Eileen Gray, 1878 -1976' in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin, Baile Átha Cliath i Márta 2002, baineadh amach ceann de na mianta ba mhó a bhí ag Gray, ba é sin a cuid oibre a bheith ar taispeáint ina tír féin.

Ar na nithe tábhachtacha atá ann tá bord cróim ó E1027 (an teach a dhear sí i Roquebrune na Fraince), na proinnchathaoireacha fréamhshamhlacha agus neamhaontacha ina measc. Is é cuspóir an bhailiúcháin ná nithe a raibh meas pearsanta ag Eileen Gray orthu, cosúil le grianghraif den teaghlach, a gléasanna laicearaithe agus a bosca gléasanna agus punann dá cuid saothair a thaispeánt. Choinnigh sí na nithe seo ina harasán ar Rue Bonaparte i bPáras go dtí go bhfuair sí bás agus léirítear sa taispeántas pearsantacht an dearthóra agus tugtar cuntas ar a forbairt ghairmiúil ó scoláire ealaíne i Londain agus i bPáras go hailtire aibí nuálaíoch.



'Bord E1027', le Eileen Gray, 1926-1929. Tá sé seo anois ar an mhír troscáin is clúití dá cuid, agus dearadh í le húsáid in E1027, an teach a dhear Gray i Roquebrune, Cap-Martin, an Fhrainc.

Le deireanas, d'éirigh le hArd-Mhúsaem na hÉireann seibh a ghlacadh ar dhá bhailiúchán eile d'ábhar Eileen Gray, taifead grianghrafach fíorthábhachtach d'obair an dearthóra seo. Tá líníochtaí cairpéid agus guaiseacha, chomh maith le bailiúchán de chomhfhreagras agus bailiúchán d'fhoilseacháin uathúla a bhaineann le hobair agus le tionchar Eileen Gray le feiscint. Tá cumhdach ealaíne eile dá cuid dearaí ailtireachta agus troscáin ann chomh maith. Faoi láthair tá obair ar bun chun an chartlann a chatalógú agus é a chur ar fáil do thaighdeoirí.

Áirítear ar an taispeántas reatha i nDún Uí Choileáin chomh maith, dhá shaothar a cheannaigh Ard-Mhúsaem na hÉireann le déanaí, bord caife ón mbliain 1932 - 34, a dhear Eileen Gray do Tempe à Pailla, a teach in Castellar. Cé gur dhear sí sraith de bhoird caifé, ní raibh aon dá cheann acu díreach cosúil lena chéile. Tá barr an bhoird atá ag Ard-Mhúsaem na hÉireann maisithe le dearadh ailtireachta i rilíf. Is é an dara saothar atá ar taispeáint ná cathaoir ghréine nó cathaoir léibheannach, a dearadh agus a cruthaíodh do Tempe à Pailla, ina raibh léibheann mór mar fhadú ar an seomra suí. Tá an tríú saothar, scáileán ceallalóide a dearadh sa bhliain 1931, curtha leis na bailiúcháin chúltaca.



Uirlisí laicéir a d'úsáid Eileen Gray ó c. 1910. Roinn sí na huirlisí seo le Seizo Sugawara, máistir laicéir a d'oibrigh i bPáras, lenar bhunaigh sí ceardlann laicéir. Ba ó Sugawara a d'fhoghlaim Eileen Gray teicníc chasta an laicéaraithe. Tá a dtúslitreacha beirt ar cheann de na huirlisí.

Go dtí le déanaí ní raibh mórán ar eolas faoi Eileen Gray agus an tionchar ollmhór a bhí aici ar shaol na hailtireachta agus an dearaidh. Táthar ag súil go ndéanfaidh an taispeántas reatha in ArdiMhúsaem na hÉireann, Dún Uí Choileáin a chion féin chun cáil Eileen Gray, ailtire agus dearthóir nua-aimseartha, a thabhairt ar ais di agus omós a thabhairt dá cuimhne.





Taispeántas 'Mar a chaitheamar é':tá éadaí olla agus cadáis á gcaitheamh ag an mbeirt ar thaobh na láimhe clé sa stíl a bhí coitianta ag deireadh na naoú haoise déag; ba bheag athrú a bhí tagtha ar stíleanna mar iad ón 18ú haois. Tá an bheirt ar thaobh na láimhe deise gléasta in éadaí olla agus poiplín na hÉireann, mar aithris ar fhaisean an lae i lár na naoú haoise déag.

## 'Mar a chaitheamar é'

Díríonn an taispeántas ar stíleanna éadaí a bhíodh á gcaitheamh ag daoine ó lár an 18ú haois anonn go dtí an 20ú haois. Cé gur ghléas go leor de mhuintir na hÉireann iad féin sa mhodh traidisiúnta (gan mórán d'athrú thar na blianta), chaith móramh na ndaoine eile na cineálacha éadaí a bhí i bhfaisean in áiteanna eile san Eoraip.

Tá forbairt shochaí na hÉireann léirithe trí éadaí, sa chiall gurbh iad na daoine saibhre amháin a chaith éadaí faiseanta i lár an 18ú haois. Nuair a tugadh cadás isteach tharla daonlathú ar chúrsaí éadaí. Toisc go raibh an t-inneall fuála ar fáil go háirithe ó na 1860idí ar aghaidh bhí brú breise ar mhaintíní áitiúla toisc go rabhthas ag súil go bhféadfaidís éadaí a chur le chéile i bhfad níos tapúla. Léiríonn an taispeántas go raibh sé de chumas ag maintíní tuaithe dul san iomaíocht lena gcomhthírigh uirbeacha. Tá an taispeántas bunaithe go príomha ar éadaí a chaith an mheánaicme Éireannach – múinteoir scoile, bean cheannaí éisc, siopadóir, dochtúir agus mar sin de. Féachann sé ar theachtaireachtaí a thug daoine mar sin tríd a gcuid éadaí. Léiríonn sé chomh maith caighdeán teicstílí na hÉireann a d'fhítí anseo fadó – síoda, poiplín, línéadach, bréidín agus mustairt – chomh maith le tábhacht agus caighdeán thionscal na ngabhálas.



Taispeántas 'Mar a chaitheamar é':rinne Matilda Mackey as Bun an Phobail, Co. Dhún na nGall an gúna bainise ar dheis le haghaidh pósadh Anne Harold ar an 21ú Feabhra 1905. Aithris a bhí ann ar fhaisean Pháras na linne sin. Rinne cailíní i gClochar na Toirbhirte, Eochaill, na gúnaí ar clé le crochet timpeall 1905. Allmhuiríodh gúnaí a rinneadh sa chlochar chuig Londain, Páras agus Nua Eabhrach .



Siogairlín cruanta i ndearadh duilleog feochadáin, inleagtha le crisilít sa lár agus le péarla mór ar crochadh. Arna dhéanamh ag an dearthóir seodra clúiteach, René Lalique, i bPáras, 1901.

Ag baint leis seo tá áiléar seodra ina bhfuil bailiúcháin a bhaineann leis an 17ú haois anonn go dtí an lá inniu. Ceannaíodh iad seo le dearadh ar ardchaighdeán a léiriú agus a spreagadh. Tá píosaí sna bailiúcháin le seodóirí móra le rá cosúil le Carlo Giuliano, Fortunato Castellani agus René Lalique. Taobh leo seo tá caimeo agus cineálacha intaglio a thaitin le hintleachtaigh na hÉireann agus na mionmhósáicí agus na píosaí d'eabhar snoite a cheannaigh taistealaithe na hÉireann. Anseo chomh maith tá píosaí róin a rinne na bochtáin, chomh maith le píosaí snoite den dair phortaigh agus seodra ón athbheochan Cheilteach a shamhlaítear le hÉirinn. Léiríonn an bailiúchán seo a cruthaíodh thar thréimhse 130 bliain, gur táirgeadh seodra in Éirinn agus nach i gcónaí gur de mhiotail agus de chlocha daora a bhí sé déanta.

## An Bloc Theas:

Díríonn na taispeántais sa Bhloc Theas ar ábhar na hÉireann amháin. Baineadh na taispeántais d'airgead na hÉireann agus de throscán seanré ó bhailiúcháin atá ag an Rannán Ealaíne agus Tionsclaíochta, a dhátaíonn ó 1600 anonn go dtí an lá inniu. Léiríonn ábhar ón tréimhse níos luaithe an fhorbairt idir an mheánaois agus an ré seo. Is léir gur aistriú ab ea é seo ó na gairmeacha beatha nua a bhí ag áitritheoirí Bhaile na Lochlannach in aice láimhe. Orthu seo bhí saothraithe gloine, fíodóirí taipéise, déantóirí cnaipí, dathadóirí síoda agus fíodóirí agus péatairóirí, agus déantóirí cloig. Tá bailiúcháin an Rannáin Ealaíne agus Tionsclaíochta comhaimseartha le stair na beairice é féin mar sin.

Roghnaíodh na bailiúcháin atá ar taispeáint ar an tríú hurlár ó Rannán Shaol Tuaithe na hÉireann.



Radharc den áiléar 'Airgead na hÉireann', ag taispeáint, ar clé, samplaí d'earraí airgid na gcúigí. Ar dhéis tá máis agus boscaí saoirse a rinneadh le haghaidh úsáid deasghnách. Tá lampa sanctóra sa stíl nua-Cheilteach le feiceáil sa lár.



Radharc ginearálta ar an áiléar 'Airgead na hÉireann' a thaispeánann, ar clé, foireann mhaisiúcháin airgid le John Phillips, Baile Átha Cliath, 1680-1683. Fuarthas é ó Kurt Ticher nach maireann.



**'Airgead na hÉireann'**

Leanann an t-áiléar mór airgid forbairt cheard an ghabha ghil in Éirinn ón 17ú haois anonn go dtí an lá inniu. Breathnaíonn sé ar éabhlóid an dearaidh in airgead agus ar mhianadóireacht, measúnú agus ar mhúnlú miotail lómhair in Éirinn. Thar na céadta bliain bhí pátrúnacht na heaglaise chomh maith le pátrúnacht na n-oifigeach a bhí ag lorg earraí d'úsáid dheasghnách ag na gaibhne geala seo. Sholáthair lucht an rachmais pátrúnacht thábhachtach chomh maith. Bhí na hailtirí agus na dearthóirí an-nuálaíoch ag úsáid dathanna sna taispeántais toisc an deacracht a bhain le miotal den dath céanna a thaispeáint.

Úsáidtear na téarmaí dearaidh ginearálta 'Barócach', 'Rocócó', 'Nuachlasaiceach', 'Victeoiriach' agus 'Athbheochan Cheilteach' chun an t-airgead a rangú go croineolaíoch. Léiríonn na píosaí a roghnaíodh chun na dearthaí seo a léiriú, gur thuig gaibhne geala na hÉireann an stíl Eorpach dearaidh lena linn féin – ar a mbealach féin. Ó bunaíodh é sa bhliain 1637, bhí smacht ag Comhar Gaibhne Óir Bhaile Átha Cliath ar ghaibhne geala agus chuir siad sainmharc ar phíosaí mar chomhartha caighdeáin. Toisc go raibh faitíos ar dhaoine go gcaillfí na miotail lómhara agus iad ar a mbealach go Baile Atha Cliath, bhí a sainmharcanna oifigiúla féin ag gaibhne geala in ionaid cosúil le Corcaigh, Gaillimh, Luimneach, Cionn tSáile agus Port Láirge.



Ciseán aráin airgid sa stíl rocócó, le Robert Calderwood, Baile Átha Cliath, c.1745. Ó bhailiúchán Iarla Bhaile an Mhuilinn.



Coinnleoir airgid sa stíl rocócó, Baile Átha Cliath, c.1745. Ní fios cé a rinne.

Tháinig an bailiúchán náisiúnta airgid ó roinnt mhaith foinsí. Tháinig cuid de na píosaí ó institiúidí a bhí ann roimh an mhúsaem, ceannaíodh roinnt eile agus tugadh roinnt eile fós don mhúsaem agus ba iad na coimeádaithe a choinnigh súil ar na gníomhaíochtaí sin ar fad. Tá an bailiúchán náisiúnta faoi chomaoin scoláireacht agus dhíograis an bhailitheora an Dr. Kurt Ticher, áfach. Ar na déantáin iontacha a bhí ina bhailiúchán bhí péire cupán airgeadaithe ina seasamh a rinne Edward Swan sa bhliain 1679 do Ghild Cheannaitheoirí Bhaile Átha Cliath agus na hearraí ollásacha a soláthraíodh i mBaile Átha Cliath do bhord maisiúcháin sna 1680idí. Léiríonn airgead teaghlaigh an Bhantiarna Esmonde agus Iarla Bhaile an Mhuilinn an réimse gréithe airgid a bhí de dhíth don bhord le haghaidh an tae agus an dinnéir, chomh maith le déantáin cosúil le coinnleoirí agus lipéid fíona do dheacantair.



## 'Troscán Seanré na hÉireann'

Féachann áiléar throscán an tseanré ar fhorbairt troscáin a dearadh, a rinneadh nó a úsáideadh in Éirinn tuairim is an 17ú haois. Tá an bailiúchán ar taispeáint i gcomhthéacsanna na dtréimhsí de réir an chineáil adhmaid a bhí ar fáil ag an am – ón dair go gallchnó go mahagaine agus sróladhmad. Leantar an éabhlóid seo anonn go dtí gur tosaíodh ar ábhar cosúil le cróim a úsáid go luath sa 20ú aois.

Píosa ollásach luath is ea bord altóra déanta de dhair, a meastar a shnoigh James Tarbary sa bhliain 1686 don séipéal in Ospidéal Ríoga Chill Mhaighneann. Is contartharcht mhór í le simplíocht chófra darach a bhí ag Corporáid nó Gild na nDéantóirí Feilte i mBaile Átha Cliath, dar dáta 1673.

Tá cáil ar Éirinn as na stíleanna sainiúla de throscán mahagaine a rinneadh tuairim is lár an 18ú haois. Is stíleanna éagsúla iad atá ar taispeáint le chéile iad an bord seilge Éireannach simplí atá ina chodarsnacht le fíneáltacht na gcos snoite agus na gcos trípháirteach ar an mbord airgid. I ngiorracht dí sin tá bord cártaí le fríos snoite le muirín, le scrollaí agus bláthannna agus le cosa scrollaithe, arbh fhéidir a chur i gcomparáid le bord ailtire le go leor snoíodóireachta air le cosa móra lapaí.



Samhail de staighre bíse, mahagaine, le Sherrin and Dowling, an Astráil, 1909.



Bord cártaí, mahagaine, Éireannach, c. 1760. Snoite le hobair scrollaithe ar chúlra scáthaithe.



Cófra daire de Chorparáid (Gild) na nDéantóirí Feilte, Baile Átha Cliath, 1673. Tá ainmneacha mháistir agus mhaoir an ghild snoite ar an bpainéal tosaigh.



Radharc den rannóg nua-Cheilteach den áiléar 'Troscán Seanré na hÉireann', a thaispeánann míreanna a rinneadh i mBéal Feirste, i gCill Airne agus i mBaile Átha Cliath idir 1850 agus 1910.

Faoi dheireadh an 18ú haois, nuair a lean troscán na hÉireann faisin Londain go dlúth, d'fhorbair caibineádairí cosúil le William Moore (a bhí ar printíseacht i Londain le gnólacht Mayhew agus Ince) a stíleanna sainiúla féin. Léiríonn píosa an 19ú haois a rinne caibineádairí Bhaile Átha Cliath agus Luimneach agus Cill Chainnigh conas a lean siad, ar a mbealach féin, stíleanna a bhí faiseanta ag an am. Léiríonn an obair chasta iontlaise ó Chill Airne ó na 1840idí ar aghaidh agus obair phiocaire Bhéal Feirste, gur fhorbair roinnt ionad do mhargaí sonracha custaiméirí cosúil leis na turasóirí.

Tagann deireadh leis an áiléar a cheiliúrann déantús troscáin na hÉireann ón 17ú haois anonn le píosa iontach a rinne James Hicks, Baile Átha Cliath, de shróladhmad go déanach sa 19ú haois nó go luath sa 20ú haois agus le troscán feadánach a dhear an t-ailtire Raymond McGrath go luath sa bhliain 1939 do cheannáras BBC i Londain. Leo sin chomh maith tá píosaí comhaimseartha a rinneadh sa Choláiste Troscáin, Leitir Fraic, agus ag caibineádairí óga ag obair le Comhairle Ceardaíochta na hÉireann inniu.



Radharc ginearálta den áiléar 'Troscán Tuaithe na hÉireann', a thaispeánann araid mhine, chomh maith le cineálacha éagsúla driosúr agus cathaoireacha.

Ar taispeáint sa limistéar seo tá Teach Babóige Domville, a thug Iníon M. agus Iníon G. Domville ó Bhaile na Lochlannach, Co. Bhaile Átha Cliath, don mhúsaem . Cé go mbaineann an teach féin le tréimhse 1851, choimisiúnaigh an músaem an troscán sa bhliain 1901 ón 'Cushendall Toy-Making Industry' i gCo. Aontroma. Tháirg an tionscal seo an miontroscán i stíleanna Sheraton, Hepplewhite, Chippendale agus Adam. Coimisiúnaíodh na mionphictiúir ó Mabel Hurse as Raghnallach i mBaile Átha Cliath, mar mhionchóipeanna de phictiúir i nDánlann Naisiúnta na hÉireann.

**'Troscán Tuaithe na hÉireann'**

Tá troscán traidisiúnta nó 'tuaithe' a rinneadh agus a úsáideadh ar fud na hÉireann ar taispeáint san áiléar seo. Ó bhlianta tosaigh an 18ú haois chiallaigh an iompórtáil déile nó giúise go bhféadfaí troscán a dhéanamh ar chostas níos ísle. Ar dtús leantaí stíleanna lucht an rachmais, ach thar na mblianta d'fhorbair siúinéirí a stíleanna féin. Bhí an obair seo in ard a réime sa dara leath den 19ú haois agus blianta tosaigh an 20ú haois, nuair a tháinig feabhsuithe ar chaighdeáin mhaireachtála. Dá bhrí sin leath na píosaí troscáin a aithnítear inniu mar throscán tipiciúil na hÉireann – drisiúir, leapacha suíocháin, cófraí bia agus araidí mine – ar fud na tíre.

Taispeánann an t-áiléar seo earraí de réir a bhfeidhmeanna seachas a gcomhthéacs baile. Taispeánann limistéar ginearálta na cistine/ an spáis mhaireachtála feistithe le teallach agus feistí soilsithe go raibh rialacha daingne ag baint leis an troscán a shuiteáil i gceart. Gnéithe eile nach raibh i scríbhinn ach a bhraith ar thraidisiún an cheantair ab ea plean urláir gach tí agus an chaoi a shuífí é ar shlí a bhí báúil leis an tírdhreach.

Tá áilleacht sna pigíní agus sna naigíní éadroma atá ar taispeáint. Tá simplíocht sna maidí aráin déanta d'iarann múnlaithe ag an ngabha áitiúil. Lig na 'maidí' nó na tóstaeir seo do chrústa an aráin choirce éirí crua.

Léirítear ceiliúradh na séasúr san éagsúlacht a bhí sna crosa Bhríde a dhéantaí ag tús an earraigh agus sna snaidhmeanna fite i gcoirce a dhéantaí mar chomharthaí grá san fhómhar. Léirítear siombailí na cráifeachta le crosa ó aimsir na bpéindlíthe, cuimhneacháin na n-oilithreach a thug cuairt ar Phurgóid Phádraig, Loch Dearg, agus na crosa caite déanta de chnámha a léirigh deabhóid na ndaoine i dteach na mbocht i Luimneach.



Coimeádáin adhmaid ar a dtugtaí 'gogáin', 18ú nó 19ú haois, ina gcoimeádtaí bia ar nós bainne, leite agus fataí .



Radharc den áiléar 'Troscán Tuaithe na hÉireann', a thaispeánann uirlisí cócaireachta agus soilsithe éagsúla.

## An Bloc Thoir:

Is é an taispeántas fadtéarmach is déanaí ar shuíomh Dhún Uí Choileáin ná an mhír 'Cad atá sa Stór?', lonnaithe i mBloc Thoir Chearnóg Uí Chléirigh. Osclaíodh é don phobail i mí na Samhna 2004. Cuireann an áis seo roinnt de na bailiúcháin is tábhachtaí ón Rannán Ealaíne agus Tionsclaíochta den Ard-Mhúsaem ar fáil don phobal. Is í an chead uair i stair na hinstitiúide go ndeacthas i ngleic le stóras feiceálach a chur ar fáil. Tá an bailiúchán cúltaca uile de ghloine, d'ealaín fheidhmeach na hÁise, d'airgead agus de mhiotalóireacht ar taispeáint, agus ábhar ó Éire, ón mBreatain, ón Eoraip, ón Mheánoirthear, ón India, ón bPacastán, ó Bhurma, ón tSín, ón tSeapáin agus ó Tibet ina measc.



Gulabpash nó croiteoir rósuisce, airgeadaithe le maisiú clasach de bhláthanna, duilliúr agus scrollaí. Kashmir, an dara leath den 19ú haois.



Srín teaghlaigh de chuid Amidanyorai Zazo, dia a gheallann cabhair ar an saol seo agus ar neamh dóibhsean a chreideann ann. Seapánach, Tréimhse Láir Edo (18ú haois).





Próca drugaí a rinneadh i monarcha Henry Delamain, Baile Átha Cliath, lár na 1750idí. Tagairt is ea an t-ainm ar an bpróca, 'George Wilson' don ghnólacht poitigéara athar agus mic a bhí bunaithe i Sráid Bhríde, Baile Átha Cliath, ó 1714 go 1786.



Bróga potaireachta glónraithe le stáin agus maisithe le bláthanna agus duilliúr sa stíl Síneach. Béal Feirste, 1713 agus 1724.

Ní raibh bailiúchán na hÁise ar taispeáint ó osclaíodh Dún Uí Choileáin sa bhliain 1997. Tá laicear, greallóg, eabhar, cruan, dealbha, péintéireacht agus miotalóireacht le feiceáil sa dara agus sa tríú cuid den stór. Anuas air sin, tá cuid de bhailiúcháin chriadóireachta an mhúsaeim le feiscint laistigh den dara cuid. Tá ábhar tábhachtach Éireannach cosúil le créghréithe Bhéal Leice, Vodery, Queen's Institute, Charraig Uí Leighin agus ealaín chriadóireachta chomhaimseartha san áireamh, i gcomhar le maiolica Spáinneach agus Iodáileach, poirceallán Seapánach, blanc-de-chine ón tSín, Wedgwood, earraí cruachré ón nGearmáin, faïence na Fraince, criadóireacht Ioslamach, agus créghréithe Olannacha.

Tá déantáin Romhánach, Peirseacha, Indiacha, Veinéiseacha agus Art Nouveau sa bhailiúchán gloine idirnáisiúnta taobh leis an mbailiúchán de ghloine na hÉireann ó Bhaile Átha Cliath, ó Chorcaigh, ó Bhéal Feirste agus ó Phort Láirge ón 18ú haois agus an 19ú haois a bhfuil cáil idirnáisiúnta air.



Promhadóir línéadaigh, Seward, Baile Átha Cliath, lár na 18ú haoise. Méadaitheoir a d'úsáidtí chun dlús snáitheanna i línéadach a thomhas chun críocha rialú cáilíochta.



Gluaiseacht uaireadóra, práis, c. 1780. Arna shíniú ag an déantóir, William McCabe, a d'oibrigh in Iúr Chinn Trá, Co. an Dúin, ó 1772 go 1785.

Tá roinnt gléasanna tábhachtacha eolaíocha ón 17ú haois anonn go dtí an 20ú haois sa tsaoráid seo, mar aon le bailiúchán uaireadóirí an mhúsaeim. Baineann an chuid is mó díobh leis an tréimhse 1750–1850. Tá bailiúcháin de phláta airgid Sheffield, leictreachlónna, péatar, práis, cré-umha, airgead agus seodra, le feiceáil sa cheathrú mhír den stór.



Clog, Francach, c. 1800. Diail i bhfoirm roth carbaid. Corp comhdhéanta de dhá chapall á dtiomáint ag fíor fireann, faoi chosaint Minerva (bandia na gaoise.)



**Taispeántais Shealadacha**

Cuireann an Rannán Ealaíne agus Tionsclaíochta den Ard-Mhúsaem taispeántais shealadacha ar siúl i nDún Uí Choileáin go rialta. Chlúdaigh na taispeántais seo réimse ábhar, cosúil leis an gcomórtas bliantúil airgid chomhaimseartha a eagraíonn an Músaem agus an Coláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh le chéile, gloine Ioruach, saol John Wesley, ealaín Neo-Cheilteach maisiúil agus fíneálta, arm tine le muintir Rigby, ealaín chomhaimseartha ghloine na hÉireann, bréagáin agus cluichí. Cuireadh go mór leis an gclár síorathraithe de thaispeántais shealadacha nuair a athchóiríodh an Scoil Eachaíochta sa bheairic mar ionad taispeántais. Críochnaíodh é i mí Eanáir 2005. Lig sé seo don mhúsaem a réimse de thaispeántais shealadacha a leathnú tuilleadh.





Bosca tae le Jennifer Walsh, Baile Átha Cliath, 1997. Cuid de bhailiúchán airgid mhic léinn an Choláiste Náisiúnta Ealaíne agus Dearaidh ag an Ard-Mhúsaem.


## Taispeántais atá le Teacht

Cinnteoidh an straitéis taispeantais atá beartaithe ag Ard-Mhúsaem na hÉireann go mbeidh taispeántais nua ag teacht ar an bhfód in áiléir Chearnóg Uí Chléirigh agus sa lárfhoirgneamh nua i gCearnóg Uí Choileáin. San áireamh ann beidh áiléir ar Stair na hÉireann, Stair an Dearaidh, Stair an Phoist agus Bailiú Stampaí, agus Eitneagrafaíocht.

*Visit our other Museum sites*







**Archaeology**
Kildare Street,
Dublin 2

**Natural History**
Merrion Street,
Dublin 2

**Country Life**
Turlough Park,
Castlebar,
County Mayo

museum
National Museum of Ireland
*Ard-Mhúsaem na hÉireann*

Archaeology
Natural History
Decorative Arts & History
Country Life

National Museum of Ireland
Decorative Arts & History
Collins Barracks
Benburb St
Dublin 7

Telephone: (01) 677 7444
Fax: (01) 677 7450
E-mail: marketing@museum.ie
www.museum.ie

ISBN 978-0-901777-65-2
9 780901 777652